RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/609 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Márta 2023

lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a mhéid a bhaineann le Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-242/19

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán frithdhumpála"), agus go háirithe Airteagal 9(4) agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh cheana agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún [2], d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an Rialachán atá á chonspóid").

1.2. An Breithiúnas ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh

(2) Rinne Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd ("Giant" nó "an t-iarratasóir") agóid i gcoinne an Rialacháin atá á chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ("an Chúirt Ghinearálta"). An 27 Aibreán 2022, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas i gcás T-242/19 [3] maidir leis an Rialachán atá á chonspóid ("an breithiúnas").

(3) Shuigh an Chúirt Ghinearálta nach raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún na corrlaigh sladghearrtha praghais a chinneadh agus go raibh sé i dteideal a anailís díobhála a bhunú agus, dá bhrí sin, an nasc cúisíoch, ar fheiniméin eile phraghais a liostaítear in Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála, amhail ísliú suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais nó cosc ar mhéaduithe ar phraghsanna go pointe suntasach. Mar sin féin, ós rud é go raibh an Coimisiún ag brath ar ríomh an tsladghearrtha i gcomhthéacs Airteagal 3(3), shuigh an Chúirt Ghinearálta, trí eilimintí áirithe a chur san áireamh, i ndáil le praghsanna tháirgeoirí an Aontais, a baineadh as praghsanna an iarratasóra (nó nárbh ann dóibh a mhéid a bhaineann le díolacháin OEM [4] óir ba é an ceannaitheoir neamhspleách féin a rinne margú iartheachtach an táirge [5]), nach ndearna an Coimisiún comparáid chóir agus corrlach sladghearrtha praghais an iarratasóra á ríomh aige. Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire go raibh sé d'éifeacht ag an earráid mhodheolaíoch sin a aimsíodh gur aithníodh sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais, ar ina leith nár suíodh i gceart gur ann dó ná an tábhacht a bhain leis.

(4) I bhfianaise na tábhachta a chuir an Coimisiún ar shladghearradh praghais a bheith ann maidir lena chinneadh go ndearnadh díobháil agus lena chonclúid maidir leis an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil sin, shuigh an Chúirt Ghinearálta gur leor an earráid i ríomh an tsladghearrtha praghais chun anailís an Choimisiúin ar an nasc cúisíoch a chur ó bhail, ar rud é atá ina gné riachtanach ó thaobh bearta a fhorchur.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht chinntitheach frithdhumpála agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 16, 18.1.2019, lch. 108).

([3]) Cás T-242/19 Giant Electric Vehicle Kunshan Co. Ltd. v an Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:259.

([4]) Déantúsóir Buntrealaimh.

([5]) Mar a sainmhíníodh sa Rialachán atá á chonspóid.

(5) Ar deireadh, luaigh an Chúirt Ghinearálta, gan beann ar chur i bhfeidhm Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála de réir analaí chun a chinneadh an ann do dhíobháil de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán sin, déanann gné éagórach na comparáide arna suí faoin dara cuid den phléadáil sin anailís an Choimisiúin a chur ar neamhní in aon chás faoi na forálacha sin ([6]).

(6) Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire freisin gur cinneadh an leibhéal díchuir díobhála ar bhonn comparáide a bhaineann le meánphraghas ualaithe allmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, arna choigeartú mar is cuí i gcás costais allmhairiúcháin agus dleachtanna custaim, mar a suíodh le haghaidh ríomh an tsladghearrtha praghais ([7]). Mhaígh sé dá réir nach féidir a chur as an áireamh, murar tharla an earráid mhodheolaíoch a bhaineann le sladghearradh phraghsanna an iarratasóra, go mbeadh corrlach díobhála thionscal an Aontais socraithe ar leibhéal níos ísle ná an leibhéal a leagtar síos sa Rialachán atá á chonspóid agus níos ísle fós ná an corrlach dumpála a leagtar síos ann. Sa chás sin, i gcomhréir le hAirteagal 9(4) den bhun-Rialachán frithdhumpála, ba cheart méid na dleachta frithdhumpála a laghdú go ráta a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil ([8]).

(7) I bhfianaise a bhfuil thuas, rinne an Chúirt Ghinearálta an Rialachán atá á chonspóid a neamhniú a mhéid a bhain sé le Giant.

1.3. **Cur chun feidhme an Bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta**

(8) Le hAirteagal 266 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ("CFAE") foráiltear nach mór do na hInstitiúidí na bearta is gá a dhéanamh chun a breithiúnais a chomhlíonadh. I gcás ina ndéantar gníomh arna ghlacadh ag na hInstitiúidí a neamhniú i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin, amhail an t-imscrúdú frithdhumpála sa chás sin, is éard atá i gceist le comhlíonadh an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta gníomh nua a chur in ionad an ghnímh neamhnithe, lena gcuirtear deireadh leis an neamhdhleathacht a shainaithin an Chúirt ([9]).

(9) De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, féadfar an nós imeachta maidir le hionadú an ghnímh neamhnithe a atosú ag an bpointe ar tharla an neamhdhleathacht ([10]). Tugann sin le tuiscint, go háirithe, i gcás ina ndéantar gníomh lena gcuirtear nós imeachta riaracháin i gcrích a neamhniú, nach gá go ndéanfadh an neamhniú difear do na gníomhartha ullmhúcháin, amhail tionscnamh an nós imeachta frithdhumpála. I gcás ina gcuirtear, mar shampla, Rialachán lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála cinntitheacha ar neamhní, ciallaíonn sé sin go bhfuil an t-imeacht frithdhumpála fós oscailte, toisc gur imigh an gníomh lena dtugtar an t-imeacht frithdhumpála i gcrích ó dhlíchóras an Aontais ([11]), ach amháin más ag céim an tionscnaimh a tharla an neamhdhleathacht.

(10) Sa chás seo, chuir an Chúirt Ghinearálta an Rialachán atá á chonspóid ar neamhní ar chúis amháin, mar atá, nach ndearna an Coimisiún comparáid chóir idir anailís faoi shladghearradh praghais ar an leibhéal céanna trádála agus cinneadh á dhéanamh maidir le sladghearradh suntasach a bheith ann. De réir na Cúirte Ginearálta, d'fhág an earráid seo rian freisin ar an anailís cúise agus d'fhéadfadh sé gur fhág sé rian ar an gcorrlach díobhála a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir.

(11) Tá na torthaí agus na conclúidí atá fágtha sa Rialachán atá á chonspóid nár cuireadh ina gcoinne, nó ar cuireadh ina gcoinne ach nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta iad, fós bailí agus ní bheidh aon tionchar ag an athoscailt sin orthu ([12]).

([6]) Cás T-242/19 Giant Electric Vehicle Kunshan Co. Ltd. v an Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:259, mír 126.

([7]) Cás T-242/19 Giant Electric Vehicle Kunshan Co. Ltd. v an Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:259, mír 122.

([8]) Cás T-242/19 Giant Electric Vehicle Kunshan Co. Ltd. v an Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:259, mír 123.

([9]) Cásanna uamtha 97, 193, 99 agus 215/86 Asteris AE agus eile agus an Phoblacht Heilléanach v an Coimisiún [1988] ECR 2181, míreanna 27 agus 28; agus Cás T-440/20 Jindal Saw v An Coimisiún Eorpach, EU:T:2022:318, mír 115.

([10]) Cás C-415/96 An Spáinn v an Coimisiún [1998] ECR I-6993, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle [2000] I-8147, míreanna 80 go 85; Cás T-301/01 Alitalia v an Coimisiún [2008] II-1753, míreanna 99 agus 142; Cásanna Uamtha T-267/08 agus T-279/08 Région Nord-Pas de Calais v an Coimisiún [2011] II-0000, mír 83.

([11]) Cás C-415/96 An Spáinn v an Coimisiún [1998] ECR I-6993, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle [2000] I-8147, míreanna 80 go 85.

([12]) Cás T-650/17, Jinan Meide Casting Co. Ltd, ECLI:EU:T:2019:644, míreanna 333–342.

(12) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta, an 6 Iúil 2022 d'fhoilsigh an Coimisiún fógra ("an fógra athoscailte") lenar athosclaíodh an t-imscrúdú bunaidh maidir le hallmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ("an tSín") arbh é an toradh a bhí air sin gur glacadh an Rialachán atá á chonspóid, a mhéid a bhaineann sé le Giant agus lenar cuireadh tús leis an imscrúdú arís tráth na neamhrialtachta ([13]).

(13) Ó thaobh raon feidhme de bhí an athoscailt teoranta do chur chun feidhme an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta a mhéid a bhaineann sé le Giant.

(14) An 6 Iúil 2022, chuir an Coimisiún allmhairí rothar leictreach de thionscnamh na Síne agus arna monarú ag Giant faoi réir a gcláraithe agus thug sé treoir d'údaráis chustaim náisiúnta fanacht go dtí go bhfoilseofar toradh an ath-imscrúdaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* sula ndéanfaidh siad cinneadh maidir le haon éileamh ar aisíocaíocht na ndleachtanna arna gcur ar neamhní ("an Rialachán clárúcháin") ([14]).

(15) Chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis an athoscailt agus d'iarr sé orthu a dtuairimí a chur in iúl i scríbhinn agus éisteacht a iarraidh laistigh den teorainn ama a leagtar amach san fhógra athoscailte.

(16) D'iarr páirtí leasmhar amháin, Giant, éisteacht laistigh den teorainn ama a leagadh amach san fhógra athoscailte agus tugadh an deis dó éisteacht a fháil.

(17) Tar éis an nochta deiridh, d'iarr Giant agus EBMA araon éisteachtaí agus tugadh an deis dóibh éisteacht a fháil.

(18) Níor iarr aon pháirtí leasmhar idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.4. **Céimeanna nós imeachta chun na breithiúnais ón gCúirt Ghinearálta a chur chun feidhme**

(19) Tar éis na hathoscailte, sheol an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis chuig táirgeoirí sampláilte an Aontais agus chuig a gcuideachtaí trádála gaolmhara.

(20) Fuarthas freagraí ar na hiarrataí ar fhaisnéis ó na táirgeoirí sampláilte uile de chuid an Aontais.

(21) Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinne an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán frithdhumpála:

— Accell Group (Heerenveen, an Ísiltír);

— Prophete GmbH & Co. KG (Rheda-Wiedenbruck, an Ghearmáin);

— Derby Cycle Holding GmbH (Cloppenburg, an Ghearmáin);

— Koninklijke Gazelle NV (Dieren, an Ísiltír).

1.5. **An tréimhse imscrúdúcháin**

(22) Cumhdaíonn an t-imscrúdú seo an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2016 go dtí an 30 Meán Fómhair 2017 ("an tréimhse imscrúdúcháin"). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an díobháil, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ("an tréimhse faoi bhreathnú").

2. **BARÚLACHA Ó PHÁIRTITHE LEASMHARA MAIDIR LE hATHOSCAILT AN IMSCRÚDAITHE**

(23) Fuair an Coimisiún barúlacha a bhaineann go sonrach le hathoscailt an imscrúdaithe ó Giant agus ón allmhaireoir Rad Power Bikes NL.

([13]) Fógra faoi na himscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais a athoscailt i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear bearta ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis bhreithiúnais an 27 Aibreán 2022 i gcásanna T-242/19 agus T-243/19 (IO C 260, 6.7.2022, lch. 5).

([14]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1162 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena gcuirtear allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe tar éis athoscailt na n-imscrúduithe chun go gcuirfear chun feidhme breithiúnais an 27 Aibreán 2022 i gcásanna T-242/19 agus T-243/19 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 (IO L 179, 6.7.2022, lch. 38).

(24) De bhun Airteagal 6(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála, i gcás imeachtaí arna dtionscnamh de bhun Airteagal 5(9), mhaígh Giant gur cheart imscrúdú a thabhairt i gcrích, nuair is féidir, laistigh de bhliain amháin. Ar aon chuma, i ngach cás ní mór imscrúduithe den sórt sin a thabhairt i gcrích laistigh de 15 mhí ó thráth a dtionscnaimh, i gcomhréir leis na torthaí a fhaightear de bhun Airteagal 8 le haghaidh gealltanas nó na torthaí de bhun Airteagal 9 le haghaidh gníomhaíocht chinntitheach. Thairis sin, mhaígh Giant go bhforáiltear le hAirteagal 5.10 de Chomhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994 ("Comhaontú Frithdhumpála EDT") nach mór, ach amháin in imthosca speisialta, imscrúduithe a thabhairt i gcrích laistigh de bhliain amháin, agus tráth nach déanaí ná 18 mí, ó thionscnamh na n-imscrúduithe. D'áitigh Giant gur dheimhnigh Buanchomhlacht Achomhairc EDT agus painéil EDT an ghné éigeantach agus absalóideach a bhaineann leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 5.10 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT, go háirithe sa tuarascáil *EC – Fasteners*, inar luaigh Buanchomhlacht Achomhairc EDT go gceanglaítear le hAirteagal 5.10 go gcuirfí imscrúduithe i gcrích laistigh de 12 mhí nó, in imthosca speisialta, tráth nach faide ná 18 mí ([15]), agus sa tuarascáil *Morocco – Hot-Rolled Steel (Turkey)* ([16]), inar shuigh an painéal nach gceadaítear aon eisceacht le hAirteagal 5.10 i gcomhréir leis na teorainneacha ama a leagtar amach san fhoráil sin. D'áitigh Giant freisin go n-aithnítear go sainráite san Fhógra maidir le hathoscailt go bhfuiltear ag leanúint leis an imscrúdú bunaidh leis an imeacht seo, agus ós rud é gur cuireadh tús leis an imscrúdú frithdhumpála bunaidh an 20 Deireadh Fómhair 2017, chun an spriocdháta éigeantach in Airteagal 6(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála a chomhlíonadh, b'éigean an t-imscrúdú a thabhairt i gcrích faoin 20 Eanáir 2019. Dá bhrí sin, d'áitigh Giant, mar thoradh ar athoscailt an imscrúdaithe bhunaidh i mí Iúil 2022, gur cuireadh síneadh leis an imscrúdú thar an teorainn ama éigeantach chun imscrúduithe a thabhairt i gcrích a leagtar amach in Airteagal 6(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála, agus go bhfuil sé ar neamhréir freisin leis na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 5.10 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT.

(25) Thug an Coimisiún dá aire, de réir cásdlí socraithe ([17]), an spriocdháta 15 mhí chun imscrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 6(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála a thabhairt i gcrích, nach bhfuil feidhm aige sin maidir le cásanna ina n-athosclaítear imeacht tar éis breithiúnas cúirte. Dá bhrí sin, ní chumhdaítear le hAirteagal 6(9) ach na himeachtaí tosaigh agus ní chumhdaítear na himeachtaí sin a athosclaíodh tar éis breithiúnas go bhfuil neamhniú nó neamhbhailíocht ann. Is cosúil nach mbaineann na cásanna EDT a luaigh Giant le hábhar, ós rud é nach gcuireann siad in amhras go síneann Airteagal 5.10 de Chomhaontú Frithdhumpála EDT thar imscrúduithe bunaidh. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin.

(26) D'áitigh Giant freisin nach bhfuil an Coimisiún i dteideal an t-imscrúdú frithdhumpála bunaidh a athoscailt a mhéid a bhaineann le Giant, ós rud é go ndearna an earráid shubstainteach a d'aimsigh an Chúirt Ghinearálta difear ní amháin don imscrúdú i ndáil le Giant, ach do na hanailísí foriomlána freisin maidir le díobháil agus cúisíocht a bhí ag brath, i bpáirt ar a laghad, ar na torthaí maidir le Giant. D'áitigh Giant freisin nach raibh an Coimisiún i dteideal an t-imscrúdú bunaidh a athoscailt chun breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a chomhlíonadh i gcás T-242/19, ach gur cheart dó na bearta frithdhumpála maidir le rothair leictreacha a aisghairm a mhéid a bhaineann le Giant. D'áitigh RAD Power Bikes NL freisin go gceanglódh na torthaí ón gCúirt Ghinearálta ar an gCoimisiún na bearta a forchuireadh a chealú.

(27) Níor chomhaontaigh an Coimisiún leis na maímh sin nach bhféadfaí imscrúdú a athoscailt chun neamhdhleathacht a d'aimsigh na Cúirteanna Eorpacha a leigheas. Go deimhin, shuigh an Chúirt Ghinearálta sa chás *Jindal* ([18]) gur féidir leis an gCoimisiún imscrúdú a athoscailt, é a atosú ag an bpointe ag ar tharla an neamhdhleathacht, an neamhrialtacht a cheartú agus na bearta a ath-fhorchur le linn thréimhse chur i bhfeidhm an rialacháin atá i gceist, fiú i gcás earráid shubstainteach/mhodheolaíoch. Níor thuig an Coimisiún ach oiread conas a thacódh aon fhoráil de chuid EDT nó aon chásdlí a luaigh Giant lena mhaímh sa mhéid nach ndéileálann siad le ceartú neamhdhleathachtaí tar éis cás cúirte.

([15]) Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, *EC – Fasteners*, mír 611. Féach freisin Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc maidir le *US – Hot-Rolled Steel* (mír 73), inar thug an Buanchomhlacht Achomhairc le fios go bhfuil na teorainneacha ama maidir le himscrúduithe a thabhairt i gcrích a leagtar amach in Airteagal 5.10 "sainordaithe" faoin gComhaontú Frithdhumpála, agus an Tuarascáil ón bPainéal maidir le *US – Softwood Lumber V* (mír 7.333), áit ar thug an painéal "srian" ar na teorainneacha ama sin. Féach freisin Tuarascálacha ón bPainéal *Ukraine – Passenger Cars*, fonóta 277; *EU – Footwear (China)*, mír 7.832; *EC – Salmon (Norway)*, mír 7.802; *US – 1916 Act (Japan)*, mír 6.255.

([16]) Tuarascáil ón bPainéal, *Morocco – Hot-Rolled Steel (Turkey)*, míreanna 7.72 agus 7.74.

([17]) Cásanna uamtha C-283/14, Eurologistik, agus C-284/14, GLS, EU:C:2016:57, mír 61.

([18]) Cás T-300/16 Jindal Saw agus Jindal Saw Italia v an Coimisiún.

(28) Thairis sin, san imscrúdú athoscailte seo, mar a mhínítear i ranna 3 agus 4, cheartaigh an Coimisiún an earráid mhodheolaíoch, mar a d'éiligh an Chúirt Ghinearálta ina breithiúnas i gcás T-242/19, trí athbhreithniú a dhéanamh ar ríomhanna sladghearrtha i gcás Giant. Rinne an Coimisiún athríomh freisin ar an leibhéal díchuir díobhála i gcás Giant tríd an earráid mhodheolaíoch chéanna a bhaint. I bhfianaise chonclúid na Cúirte Ginearálta go ndéanann an tsaincheist seo difear freisin do na torthaí foriomlána díobhála agus cúisíochta, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a anailís ar dhíobháil agus ar chúisíocht mar a mhínítear thíos i ranna 3 agus 4. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go gcomhlíonann a thorthaí athbhreithnithe an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta i gcás T-242/19 go hiomlán. Ós rud é gur laghdaíodh an leibhéal dleachta ach nár cuireadh deireadh léi de bharr na dtorthaí athbhreithnithe, níor ghá, dá bhrí sin, na bearta frithdhumpála maidir le rothair leictreacha a aisghairm a mhéid a bhaineann le Giant. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin.

(29) D'áitigh Giant freisin, dá leanfadh an Coimisiún ar aghaidh leis an imscrúdú athoscailte, nach mór dó gach earráid eile a chuir Giant os comhair na Cúirte Ginearálta a cheartú freisin. Go háirithe, d'áitigh Giant nach mór don Choimisiún na hearráidí a bhaineann lena ríomhanna corrlaigh dumpála a cheartú (lena n-áirítear a éileamh MET agus a mheasúnú ar an ngnáthluach). Mhaígh Giant nár áirithíodh comparáid chóir i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

(30) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin. I gconclúid na Cúirte Ginearálta i mír 125 den bhreithiúnas i gCás T-242/19, shuigh an Chúirt Ghinearálta gur cheart an rialachán a neamhniú, a mhéid a bhaineann sé le Giant, toisc go bhféadfadh an earráid mhodheolaíoch a aimsíodh agus sladghearradh praghais á ríomh amhras a tharraingt ar dhlíthiúlacht an Rialacháin atá á chonspóid trí anailís an Choimisiúin ar dhíobháil agus ar chúisíocht a chur ó bhail. Níor mheas an Chúirt gur ghá scrúdú nó measúnú a dhéanamh ar thuillteanais aon mhaímh eile a chuir an t-iarratasóir chun cinn. Mar a léirítear in aithrisí (8) agus (11) foráiltear le hAirteagal 266 CFAE nach mór do na hInstitiúidí na bearta is gá a dhéanamh chun breithiúnais ón gCúirt Ghinearálta a chomhlíonadh, agus tá na torthaí agus na conclúidí atá fágtha sa Rialachán atá á chonspóid, agus nach ndearnadh a chonspóid ach nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta iad, fós go hiomlán bailí. Dá bhrí sin, ós rud é nach cuspóir raon feidhme an imscrúdaithe athoscailte é athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás ar fad, ach chun aghaidh a thabhairt ar na hearráidí sonracha a d'aimsigh an Chúirt Ghinearálta, níor mheas an Coimisiún gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar chorrlach dumpála Giant.

(31) Luaigh Giant freisin nár nocht an Coimisiún go hiomlán, sna himscrúduithe bunaidh agus sna himscrúduithe athoscailte araon, an fhaisnéis ba ghá do Giant chun a mheas an ndearnadh comparáid chóir idir praghsanna onnmhairiúcháin Giant agus praghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, d'iarr Giant, i gcomhthéacs an imscrúdaithe athoscailte, gur cheart don Choimisiún faisnéis ábhartha a nochtadh maidir le bealaí díolacháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(32) Cé gur choinnigh an Coimisiún a sheasamh maidir le rúndacht na mionsonraí ar leith sin a bhain leis na díolacháin a rinne tionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an méid seo a leanas a chur in iúl do Giant: dhíol na ceithre tháirgeoir shampláilte den Aontas thart ar 46 % dá méid díolacháin trí thrádálaithe gaolmhara. Dhíol 10 dtrádálaí ghaolmhara san iomlán rothair leictreacha le cuideachtaí neamhghaolmhara, sa bhreis ar na díolacháin dhíreacha a rinne na táirgeoirí sampláilte. Dá bhrí sin, thart ar 54 % de mhéid dhíolacháin an Aontais a bhí sna díolacháin dhíreacha.

(33) D'áitigh Giant, murab ionann agus an méid a mhol an Coimisiún ina Fhógra maidir le hathoscailt, gur ceanglaíodh ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir praghsanna na rothar leictreach allmhairithe agus praghsanna na rothar leictreach a dhíolann táirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. D'áitigh Giant, de bhun Airteagail 3(2) agus 3(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála, go bhfuil oibleagáid dhearfach ar an gCoimisiún comparáid praghsanna den sórt sin a dhéanamh, agus féadfar comparáid a dhéanamh idir praghsanna na rothar leictreach allmhairithe agus praghsanna iarbhír thionscal an Aontais, chun an tionchar atá ag praghsanna na n-allmhairí lena mbaineann a scrúdú. Ba cheart pointe ceart iomaíochta na bpraghsanna díolacháin lena mbaineann a chur san áireamh sa chomparáid chóir sin. Ba cheart go gcuirfí san áireamh freisin difríochtaí maidir le cé acu a díoladh táirgí brandáilte nó a díoladh táirgí ar leibhéal OEM.

(34) Chuir an Coimisiún san áireamh na hargóintí a rinne Giant agus na barúlacha sa bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta ina anailís athbhreithnithe ar shladghearradh, ar dhíobháil, ar chúisíocht agus ar dheireadh a chur le díobháil, agus sna torthaí i ranna 3 agus 4 thíos san áireamh freisin.

(35) Chuir Giant in iúl freisin gur aithníodh go sainráite sa Rialachán clárúcháin "go n-eascróidh an dliteanas deiridh as dleachtanna frithdhumpála agus frithchúitimh a íoc... as torthaí an athscrúdaithe" ([19]) agus, dá bhrí sin, fágann sé nach féidir feidhm a bheith ag aon dliteanas deiridh, de réir Giant, ach amháin maidir le hallmhairí amach anseo, i.e. táirgí a chuirtear i saorchúrsaíocht tar éis theacht i bhfeidhm na ndleachtanna sin. D'áitigh Giant go dtacaíonn an Tuairim ón Abhcóide Ginearálta i gCás C-458/98 (*IPS*) leis an seasamh thuas, chomh maith leis na tuairimí a chuir an Coimisiún féin in iúl san am a chuaigh thart ([20]). Dá bhrí sin, d'áitigh Giant nach bhféadfaí aon dleacht athríofa a fhorchur ach amháin i leith allmhairí rothar leictreach arna dtáirgeadh ag Giant, i.e. rothair leictreacha a thiocfaidh i saorchúrsaíocht *tar éis* fhoilsiú na Rialachán lena ndéantar na dleachtanna a ath-fhorchur. Thairis sin, d'áitigh Giant go mbeadh ath-fhorchur dleachtanna athríofa i ndáil le hallmhairí roimhe seo contrártha freisin le cineál na ndleachtanna frithdhumpála, nach bearta pionósacha iad a bhfuil sé mar aidhm leo cúiteamh a dhéanamh ar dhíobháil a bhain do thionscal an Aontais san am atá thart, ach is bealach iad chun teacht roimh dhíobháil amach anseo ([21]).

(36) Mheas an Chúirt Bhreithiúnais go seasta nach gcuireann Airteagal 10(1) den bhun-Rialachán frithdhumpála ([22]) bac ar ath-fhorchur dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí a rinneadh le linn thréimhse chur i bhfeidhm na rialachán a dearbhaíodh a bheith neamhbhailí ([23]). Dá réir sin, mar a mhínítear in aithris (14) den Rialachán clárúcháin, má dhéantar an nós imeachta a atosú agus na dleachtanna a ath-fhorchur ar deireadh, ní féidir a mheas go bhfuil sé sin contrártha leis an riail maidir le neamh-aisghníomhaíocht ([24]). Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh Giant nach féidir na dleachtanna a ath-fhorchur ar allmhairí a cuireadh i saorchúrsaíocht sula bhfoilseofar an Rialachán Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún (a bheidh ann amach anseo).

(37) Luaigh RAD Power Bikes NL gur allmhairigh sé táirgí ó onnmhaireoirí Síneacha eile, táirgí a bhí cosúil leis na táirgí a allmhairíodh ó Giant agus go raibh na hallmhairí sin faoi réir dleachtanna a ríomhadh agus a forchuireadh ar bhonn an leibhéil díchuir díobhála ábhartha. D'áitigh Giant, dá bhrí sin, agus na dleachtanna is infheidhme lena aghaidh á n-athríomh ag an gCoimisiún, nach mór don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na rátaí dleachta is infheidhme le haghaidh onnmhaireoirí Síneacha eile atá faoi réir na ndleachtanna agus iad a laghdú freisin, i gcás na n-onnmhaireoirí sin ar deonaíodh rátaí dleachta aonair dóibh agus i gcás onnmhaireoirí Síneacha comhoibríocha neamhshampláilte eile.

(38) Mar a mhínítear in aithris (30), ní hé cuspóir raon feidhme an imscrúdaithe athoscailte é athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí iomlána an Rialacháin atá á chonspóid, ach na torthaí sonracha a rinne an Chúirt Ghinearálta a chur chun feidhme, a mhéid a bhaineann siad le Giant. Níor chuir an Chúirt Ghinearálta an Rialachán atá á chonspóid ar neamhní a mhéid a bhaineann le táirgeoirí onnmhairiúcháin eile. Dá bhrí sin, níor mheas an Coimisiún go raibh sé riachtanach ná iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar a thorthaí bunaidh do na honnmhaireoirí Síneacha eile atá faoi réir dleachtanna. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don argóint sin.

(39) Ina gcuid barúlacha tar éis an nochta deiridh, d'athdhearbhaigh Giant a mhaímh lenar ceistíodh dlíthiúlacht dleachtanna frithdhumpála athbhreithnithe ar Giant a athchur go cúlghabhálach, mar a luaitear in aithris (35). Ach ós rud é nár ardaíodh aon argóint nua, dearbhaítear gur diúltaíodh dá mhaíomh.

3. ATHSCRÚDÚ AR CHORRLACH SLADGHEARRTHA GIANT AGUS NA TORTHAÍ MAIDIR LE DÍOBHÁIL

3.1. Cinneadh maidir le sladghearradh i ndáil le Giant

(40) Mar a tugadh faoi deara in aithris (3), shuigh an Chúirt Ghinearálta, ós rud é gur bhraith an Coimisiún ar an sladghearradh praghsanna a ríomh i gcomhthéacs Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán frithdhumpála, trí eilimintí áirithe a chur san áireamh i ndáil le praghsanna tháirgeoirí an Aontais a d'asbhain sé ó phraghsanna Giant (nó nárbh ann dóibh a bhaineann le díolacháin OEM), nach ndearna an Coimisiún comparáid chóir agus corrlach sladghearrtha praghais Giant á ríomh. Dá bhrí sin, níor suíodh i gceart gurbh ann don sladghearradh sin agus an tábhacht a bhain leis.

([19]) An Rialachán Clárúcháin, aithris 22.
([20]) Cás C-458/98 P, Industrie des poudres sphériques v an Chomhairle, Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Cosmas, ECLI:EU:C:2000:138, mír 77.
([21]) Cás C-458/98 P, *Industrie des poudres sphériques* v *an Chomhairle*, Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Cosmas, ECLI:EU:C:2000:138, mír 76.
([22]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([23]) C-256/16 Deichmann, EU:C:2018:187, míreanna 77 agus 78 agus C-612/16, C & J Clark International Ltd v Commissioners for Her Majesty's Revenue & Customs, breithiúnas an 19 Meitheamh 2019, mír 57.
([24]) Cás C-256/16 Deichmann SE v Hauptzollamt Duisburg, mír 79 agus Cás C-612/16, C & J Clark International Ltd v Commissioners for Her Majesty's Revenue & Customs, breithiúnas an 19 Meitheamh 2019, mír 58.

(41) Mar a mhínítear in aithris (155) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1012 ([25]) ón gCoimisiún ("an Rialachán sealadach"), shuigh an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid le chéile:

— na meánphraghsanna ualaithe díola in aghaidh an chineáil táirge a ghearr na ceithre tháirgeoir shampláilte den Aontas, arbh iad na praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú ar bhonn leibhéal praghais díreach ón monarcha; agus

— na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí maidir le dleachtanna custaim (6 %) agus costais allmhairiúcháin; mar a luaitear in aithrisí (94) go (96) den Rialachán atá á chonspóid, i gcás ina ndearnadh díolacháin trí thrádálaithe gaolmhara, rinneadh na praghsanna onnmhairiúcháin a choigeartú i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála de réir analaí. Asbhaineadh costais díola, ghinearálta agus riaracháin (SGA) an trádálaí ghaolmhair agus brabús sampla d'allmhaireoirí neamhghaolmhara (9 % den phraghas díolacháin).

(42) Chun comparáid chóir a áirithiú idir praghsanna Giant agus praghsanna tháirgeoirí an Aontais, rinne an Coimisiún corrlach sladghearrtha Giant a athríomh trí mheánphraghsanna ualaithe díola tháirgeoirí sampláilte an Aontais dá dtagraítear in aithris (41) a choigeartú ar dhá bhealach.

(43) Ar an gcéad dul síos, i gcás ina ndearna táirgeoirí sampláilte an Aontais díolacháin trí thrádálaithe gaolmhara, tógadh asbhaint ón bpraghas le custaiméirí neamhspleácha chun costais SGA iarbhír an trádálaí lena mbaineann agus brabúis 9 % a chur san áireamh. I gcás táirgeoir amháin de chuid an Aontais, sainaithníodh socrú ar leith a bhí cosúil le dola. Sa chás sin, i gcás inar bhain costais an trádálaí ghaolmhair le gníomhaíochtaí táirgthe, níor asbhaineadh na costais sin. Is é an leibhéal brabúis a úsáidtear sa ríomh seo an leibhéal brabúis arna shuí do chur i bhfeidhm Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála in aithris (109) den Rialachán sealadach ([26]) ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, leibhéal a ríomhadh ó na hallmhaireoirí neamhghaolmhara comhoibríocha.

(44) Ar an dara dul síos, i gcás inar ghá praghsanna a chur i gcomparáid le chéile ar leibhéal OEM, rinneadh asbhaint 2,3 % eile ó phraghsanna ábhartha thionscal an Aontais chun costais deartha, margaíochta agus taighde agus forbartha (T&D) a chur san áireamh. Suíodh an asbhaint sin mar a leagtar amach in aithrisí (59) go (72) den Rialachán atá á chonspóid.

(45) Measadh nach raibh gá le haon choigeartú breise ar an leibhéal trádála, de réir bhrí an chineáil custaiméara, toisc gur cinneadh san imscrúdú nach bhfuil aon difríocht chomhsheasmhach ar leith sa phraghas idir díolacháin le trádálaithe agus le miondíoltóirí san Aontas.

(46) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, d'áitigh Giant gur cheart an chomparáid idir a phraghsanna onnmhairiúcháin agus praghsanna thionscal an Aontais a dhéanamh ag pointe an chéad díolacháin le custaiméir neamhghaolmhar, gan coigeartuithe a dhéanamh le haghaidh SGA agus brabúis ar an dá thaobh den ríomh. Mhaígh Giant gur lean an Coimisiún an cur chuige sin agus an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta á chur chun feidhme aige i gcás Jindal. D'áitigh Giant go mbainfí amach comparáid chóir trí úsáid a bhaint as an modh sin.

(47) Mheabhraigh an Coimisiún go ndearnadh an chomparáid idir praghsanna an táirgeora onnmhairiúcháin agus praghsanna thionscal an Aontais i gcás Jindal ar leibhéal na gcustaiméirí neamhghaolmhara i ngeall ar na himthosca ar leith sa chás sin, i gcás ina raibh an margadh roinnte go geografach agus inar tharla iomaíocht ar leibhéal na dtairiscintí. Cuirtear gach cás chun feidhme ar bhonn a fhíorais agus a imthosca sonracha i bhfianaise an bhreithiúnais ar leith. Níor mhínigh Giant cén fáth a mbeadh an cur chuige céanna ag teastáil agus a bhí i gcás Jindal, de bharr na n-imthosca sa chás seo, agus cén fáth nach bhfuil an cur chuige a lean an Coimisiún ag teacht leis an mbreithiúnas ón gCúirt. Thug an Coimisiún dá aire freisin go ndearnadh coigeartú ar na praghsanna onnmhairiúcháin san imscrúdú bunaidh, i gcás inarb iomchuí, de réir SGA na dtrádálaithe gaolmhara agus de réir brabús barúlach, i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin an mhodheolaíocht chéanna a chur i bhfeidhm is a chuirtear i bhfeidhm de réir analaí faoi Airteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Dhearbhaigh an Chúirt Bhreithiúnais an cur chuige sin go sainráite i mBreithiúnas Hansol ([27]), inar cuireadh i dtábhacht go dtagann sé faoin lánrogha leathan atá ag an gCoimisiún agus Airteagal 3(2) den bhun-Rialachán á chur i bhfeidhm aige. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh.

([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1012 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/671 (IO L 181, 18.7.2018, lch. 7).

([26]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1012 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/671 (IO L 181, 18.7.2018, lch. 7).

([27]) Breithiúnas an 12 Bealtaine 2022, C-260/20 P, Hansol, mír. 105.

(48) Ina theannta sin, d'áitigh an Coimisiún, mar mhalairt ar an maíomh a thuairiscítear in aithris (46), i gcás dhíolacháin thionscal an Aontais a dhéantar go díreach le miondíoltóirí, gur cheart don Choimisiún asbhaintí breise a dhéanamh ó phraghsanna díolacháin tháirgeoirí an Aontais le haghaidh SGA agus na mbrabús a chomhfhreagraíonn do na ranna díolacháin inmheánacha.

(49) Mheabhraigh an Coimisiún, áfach, an cur chuige a leagtar amach in aithrisí (42) go (45), gur áirithíodh comparáid chóir leis sin trí phraghsanna onnmhairiúcháin agus praghsanna thionscal an Aontais a choigeartú ar an mbealach céanna le haghaidh na mbealaí díolacháin céanna tríd an modheolaíocht chéanna a úsáid. Chiallaigh sé sin go ndearnadh na praghsanna onnmhairiúcháin agus praghsanna díolacháin thionscal an Aontais a choigeartú le haghaidh SGA agus brabúis más rud é go ndearnadh díolacháin trí thrádálaithe gaolmhara, ach ní dhearnadh coigeartú ar dhíolacháin dhíreacha. Dá ndéanfaí praghsanna díolacháin díreacha thionscal an Aontais a choigeartú mar a mhol Giant, chruthófaí neamhshiméadracht a d'fhágfadh tionscal an Aontais faoi mhíbhuntáiste i ndáil leis na praghsanna onnmhairiúcháin ó Giant agus a ndíolachán comhfhreagrach, toisc nach ndearnadh aon asbhaintí den sórt sin ó dhíolacháin eintiteas táirgthe Giant sa tSín i leith díolacháin dhíreacha. Bheadh sé sin contrártha freisin leis an mbreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta ar na cúiseanna céanna neamhshiméadrachta a raibh an Chúirt ag brath orthu nuair a rialaigh sí i bhfabhar Giant. Ina theannta sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil tuilleadh coigeartuithe déanta cheana féin i ndáil le dearadh, margú, costais forbartha agus taighde agus i ndáil leis an leibhéal trádála, i gcás inarb iomchuí, mar a mhínítear in aithrisí (44) agus (45), chun siméadracht iomlán a áirithiú idir cás Giant agus cás thionscal an Aontais faoi seach, i gcomhréir leis an mbreithiúnas. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(50) Mhaígh Giant freisin gur cheart a dhíolacháin OEM a chur i gcomparáid le praghsanna díolacháin thionscal an Aontais a bhí faoi réir SGA agus asbhaintí brabúis i gcás inarb iomchuí.

(51) Dheimhnigh an Coimisiún gur cloíodh leis an gcur chuige sin.

(52) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, d'áitigh tionscal an Aontais go raibh nochtadh ríomhanna phraghsanna athbhreithnithe thionscal an Aontais mícheart mar gheall ar an modheolaíocht a úsáideadh chun nótaí creidmheasa a ionchorprú. Mhaígh táirgeoirí an Aontais go ndearna sé sin difear do ríomh na nglanphraghsanna agus do na coigeartuithe ar chostais SGA agus ar bhrabús araon.

(53) Rinne an Coimisiún meastóireacht féachaint an raibh aon tionchar ag an modheolaíocht athbhreithnithe ar na corrlaigh shladghearrtha agus ghearrdhíola, ar rud é sin a mhol táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Mar thoradh air sin, rinne an Coimisiún athbhreithniú ar a ríomhanna, rud nach raibh aon tionchar ábhartha aige ar na corrlaigh sin, áfach. Nochtadh na ríomhanna athbhreithnithe do tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus nochtadh do Giant agus do na páirtithe leasmhara eile freisin an 10 Feabhra 2023 go ndearnadh athbhreithniú ar na ríomhanna. Tugadh tréimhse do na páirtithe chun barúil a thabhairt.

(54) Ina bharúlacha an 13 Feabhra 2023, léirigh tionscal an Aontais earráid i ríomh na nótaí creidmheasa le haghaidh táirgeoir amháin de chuid an Aontais. Tar éis an earráid sin a cheartú, ba é 11,5 % corrlach sladghearrtha Giant. Nochtadh na ríomhanna nua do na páirtithe leasmhara uile an 14 Feabhra 2023 agus tugadh tréimhse bhreise ama do na páirtithe chun barúlacha a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil eile ina dhiaidh sin.

(55) Ina bharúlacha an 13 Feabhra 2023 freisin, mhaígh tionscal an Aontais nár cheart don Choimisiún, agus nótaí creidmheasa á láimhseáil aige, na méideanna SGA agus brabúis a ríomh ach bunaithe ar luach EXW gach idirbhirt díolacháin. Mar sin féin, agus é á chur san áireamh gur ríomhadh SGA in aghaidh an rothair leictrigh agus gur ríomhadh an corrlach brabúis de réir luach an tsonraisc, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(56) Mhaígh tionscal an Aontais le linn na héisteachta go raibh an ráta brabúis 9 % ró-ard i gcás na ndíolachán uile inar asbhain an Coimisiún brabús an allmhaireora ghaolmhair ó phraghsanna díolacháin thionscal an Aontais toisc go raibh sé i bhfad níos airde ná an spriocbhrabús a suíodh san imscrúdú bunaidh (4,3 %). Ina theannta sin, míníodh sa mhaíomh freisin nach raibh "aon fhaisnéis sa cháschomhad" den imscrúdú athoscailte a bheadh ina húdar cuí le ráta brabúis 9 %. Chuir Giant barúil isteach chun an maíomh sin a fhrisnéis agus luaigh sé nach raibh sé iomchuí an ráta brabúis a cuireadh i bhfeidhm a athrú toisc nach raibh aon fhoras ann an ráta brabúis barúlach a ríomhadh san imscrúdú bunaidh a chur ar ceal.

(57) Socraíodh an ráta le haghaidh spriocbhrabúis agus ráta barúlach le haghaidh brabús allmhaireora ghaolmhair araon san imscrúdú bunaidh (bunaithe ar shonraí sa cháschomhad) agus ní dhearna an Chúirt Ghinearálta grinnscrúdú orthu ná ní dhearnadh trácht orthu sa Bhreithiúnas as ar eascair athoscailt an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, níl sé de cheangal ar an gCoimisiún an t-ábhar sin a imscrúdú arís sa chur chun feidhme seo. Ina theannta sin, is dhá choincheap ar leith iad an spriocbhrabús (i.e. an brabús is féidir le tionscal an Aontais a bhaint amach le haghaidh díolacháin intíre faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta) agus brabús trádálaí (méid barúlach lena gcumhdaítear brabús a iompraíonn allmhaireoir de ghnáth), agus rialaítear iad le forálacha éagsúla den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, tá comparáid dhíreach idir an dá choincheap míchuí agus ní bhaineann sí le socrú ceachtar den dá chorrlach brabúis. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(58) Mhaígh tionscal an Aontais freisin nach raibh údar leis an asbhaint i leith chostais SGA agus brabúis mar gheall ar an gcaidreamh idir dhá tháirgeoir de chuid an Aontais agus a dtrádálaithe gaolmhara. Go háirithe, luadh nár cheart aon chostas SGA ná brabús a asbhaint ó phraghas díolacháin na ndíolachán a rinneadh trí thrádálaithe áirithe toisc go raibh an táirgeoir ag feidhmiú faoi chonradh dolaphróiseála. Sholáthair tionscal an Aontais comhaontuithe idir na cuideachtaí táirgthe agus cuideachtaí díolacháin ábhartha chun tacú lena maíomh.

(59) Maidir leis an táirgeoir a luaitear freisin in aithris (43), bhí socrú ar leith aige atá "cosúil le dola". Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar théarmaí beachta an tsocraithe sin agus chinn sé gur córas monaraíochta conartha a bhí ag feidhmiú, seachas conradh dolaphróiseála, agus go raibh costais SGA ar an táirgeoir agus ar an trádálaí gaolmhar araon. Léiríodh sa chomhaontú freisin caidreamh conarthach idir páirtithe gaolmhara. Choinnigh an Coimisiún a sheasamh, dá bhrí sin, nach raibh sé iomchuí asbhaintí i leith SGA agus brabúis a eisiamh ina n-iomláine ó phraghsanna díolacháin an táirgeora sin trí pháirtithe gaolmhara. Chuir an Coimisiún san áireamh costais SGA a bhain le costais a thabhaíonn an trádálaí gaolmhar de ghnáth, agus nach feidhmeanna iad a bhaineann le táirgeoir de ghnáth. Thairis sin, bhí costais SGA a bhain lena dhíolacháin dhíreacha ag an táirgeoir lena mbaineann. Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur cheart costais SGA agus brabús a asbhaint ó phraghas díolacháin an trádálaí ghaolmhair, agus dhiúltaigh sé don mhaíomh sin.

(60) I gcás an dara táirgeoir, chuir tionscal an Aontais comhaontú isteach freisin idir an táirgeoir agus an trádálaí gaolmhar chun tacú lena mhaíomh nár cheart don Choimisiún costais SGA agus brabús a asbhaint ó phraghsanna díolacháin a thrádálaithe gaolmhara. Chuir Giant frisnéis isteach maidir leis an argóint sin ina luaitear gur cheart an cur chuige i leith thionscal an Aontais a bheith mar an gcéanna leis an gcur chuige a chuirtear i bhfeidhm i leith Giant.

(61) Agus scrúdú á dhéanamh aige ar an ábhar sin, thug an Coimisiún dá aire nach conradh dolaphróiseála é an comhaontú a cuireadh isteach i leith an dara táirgeoir sin, ach comhaontú monaraíochta idir páirtithe gaolmhara, lena sainítear róil an táirgeora agus an trádálaí ghaolmhair, agus go raibh clásail eile ar áireamh ann amhail an mhodheolaíocht chun praghsanna an aistrithe a ríomh. Níor deimhníodh leis an gcomhaontú gur monaraíodh rothair leictreacha le linn thréimhse an imscrúdaithe den imscrúdú bhunaidh faoi chonradh dolaphróiseála, nó faoi aon socrú eile a d'fhágfadh nach mbeadh sé iomchuí costais SGA a asbhaint ó phraghsanna díolacháin na dtrádálaithe gaolmhara. Go deimhin, léiríodh sa chomhaontú caidreamh conarthach idir páirtithe gaolmhara. D'fheidhmigh trádálaí gaolmhar mar tháirgeoir freisin, agus dhíol sé rothair leictreacha go díreach leis an margadh chomh maith le trádálaithe gaolmhara eile. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

(62) Mhaígh tionscal an Aontais freisin gur cheart díolacháin táirgeora amháin de chuid an Aontais a choigeartú suas nó nár cheart iad a chur san áireamh sa chomparáid praghsanna toisc gur bhain siad le díolacháin le slabhraí ollmhargaidh agus le hardáin ar líne, seachas le cineálacha eile custaiméirí miondíola.

(63) Níor mheas an Coimisiún gurbh iomchuí díolacháin den sórt sin a eisiamh toisc gur measadh go raibh an sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais a roghnaíodh san imscrúdú bunaidh ionadaíoch do thionscal an Aontais. Ina theannta sin, in aithris (45), deimhníodh nach raibh sé iomchuí tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar phraghsanna, thar na coigeartuithe a rinneadh cheana, i leith cineálacha éagsúla custaiméirí.

(64) Mhaígh tionscal an Aontais nár cheart a dhíolacháin OEM a chur i gcomparáid leis na díolacháin onnmhairiúcháin mura ndearnadh coigeartú ar a phraghsanna chun comparáid chóir a áirithiú.

(65) Thug an Coimisiún dá aire go raibh méid dhíolacháin OEM i measc thionscal an Aontais an-íseal, agus níor úsáideadh formhór na ndíolachán sin sna ríomhanna sladghearrtha agus gearrdhíola toisc nach raibh aon mheaitseáil ann le cineál allmhairiúcháin. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid nár cheart coigeartú de réir dhíolacháin OEM thionscal an Aontais a mheas a thuilleadh toisc nach mbeadh aon tionchar ábhartha ag an tsaincheist ar na corrlaigh sladghearrtha agus ghearrdhíola.

(66) Dá bhrí sin, deimhníodh an corrlach sladghearrtha athbhreithnithe le linn thréimhse an imscrúdúcháin bunaidh le haghaidh Giant, arb é 11,5 %.

3.2. **Cinneadh maidir le sladghearradh i ndáil le hallmhaireoirí Síneacha eile**

(67) I gcás T-242/19, thug an Chúirt Ghinearálta dá haire gur dócha go mbeadh tionchar ag an earráid mhodheolaíoch a aimsíodh, rud a chiallaigh nach ndearna an Coimisiún comparáid chóir agus corrlach sladghearrtha Giant á ríomh, ar ríomh an tsladghearrtha praghais arna shuí i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile ([28]).

(68) Chun comparáid chóir a áirithiú idir praghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile agus praghsanna tháirgeoirí an Aontais, rinne an Coimisiún athríomh freisin ar chorrlaigh shladghearrtha na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte eile, agus na saincheisteanna dá dtagraítear in aithrisí (41) go (44) á gcur san áireamh.

(69) Léirigh toradh na gcomparáidí meánchorrlach sladghearrtha 17,1 % d'allmhairí ó na honnmhaireoirí sampláilte (lena n-áirítear Giant). Agus aird á tabhairt ar an athbhreithniú ar chorrlach sladghearrtha Giant a mhínítear in aithris (53) thuas, deimhníodh an figiúr sin ag 17,0 %.

3.3. **Conclúid athbhreithnithe maidir le díobháil**

(70) Thug an Coimisiún dá aire, tar éis cheartú na hearráide modheolaíochta a bhaineann le ríomh an tsladghearrtha praghais a shainaithin an Chúirt Ghinearálta i gcás T-242/19 ([29]), go bhfuil laghdú tagtha ar na leibhéil trína ndearna allmhairí na Síne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais go 17,0 % ar an meán mar a luaitear in aithris (69). Cé go bhfuil laghdú tagtha ar na leibhéil sladghearrtha, is léir fós go ndearnadh sladghearradh praghais suntasach de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tSín.

(71) Torthaí ón gCoimisiún maidir leis na táscairí díobhála eile mar a luaitear in aithrisí (200) go (205) den Rialachán sealadach agus in aithrisí (141) go (156) den Rialachán atá á chonspóid, tá siad fós bailí.

(72) Agus na corrlaigh shuntasacha sladghearrtha athbhreithnithe dá dtagraítear in aithris (70) agus an fhianaise ar fhorbairt dhiúltach beagnach gach táscaire díobhála a mhínítear in aithrisí (200) go (205) den Rialachán sealadach agus in aithrisí (141) go (156) den Rialachán atá á chonspóid á gcur san áireamh, ba é conclúid an Choimisiúin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán frithdhumpála.

4. **CÚISÍOCHT**

(73) Rinne an Coimisiún scrúdú breise ar cé acu a bheadh nasc cúisíoch ann fós idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais nó nach mbeadh, i bhfianaise na gcorrlach sladghearrtha athbhreithnithe le haghaidh allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha sampláilte.

(74) D'ainneoin an laghdaithe ar an gcorrlach sladghearrtha le haghaidh na n-onnmhaireoirí Síneacha sampláilte uile, bhí praghsanna díola thionscal an Aontais á sladghearradh go suntasach ag allmhairí ó onnmhaireoirí Síneacha sampláilte fós féin. Dá bhrí sin, leis na corrlaigh shladghearrtha athbhreithnithe, níor athraíodh an toradh bunaidh a rinne an Coimisiún maidir leis an nasc cúisíoch a bheith ann idir an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín, in aithris (223) den Rialachán sealadach agus a deimhníodh in aithris (168) den Rialachán atá á chonspóid.

([28]) Cás T-242/19, *Giant Electric Vehicle Kunshan* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2022:259, mír 113.
([29]) Cás T-242/19, *Giant Electric Vehicle Kunshan* v *an Coimisiún*, ECLI:EU:T:2022:259, mír 113.

(75) Leis na corrlaigh shladghearrtha athbhreithnithe, níor athraíodh an anailís ná na torthaí maidir le cúiseanna díobhála eile mar a léirítear i roinn 5.2 den Rialachán sealadach agus i roinn 5.2 den Rialachán cinntitheach.

(76) In éagmais barúlacha eile, ba é conclúid an Choimisiúin go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tSín, agus, nár mhaolaigh na tosca eile, a breithníodh ar leithligh nó le chéile, an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil.

5. **ATHSCRÚDÚ AR AN gCORRLACH DÍOBHÁLA I nDÁIL LE GIANT**

(77) Agus barúlacha ón gCúirt Ghinearálta i mír (123) den Bhreithiúnas i gcás T-242/19 á gcur san áireamh, rinne an Coimisiún athríomh freisin ar leibhéal díchuir díobhála Giant.

(78) San imscrúdú bunaidh, shuigh an Coimisiún an leibhéal díchuir díobhála le linn na tréimhse imscrúdúcháin tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid le chéile:

— na meánphraghsanna ualaithe sprice in aghaidh an chineáil táirge a ghearr na ceithre tháirgeoir shampláilte den Aontas, arbh iad na praghsanna a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú ar bhonn leibhéal praghais díreach ón monarcha;

— na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte sa tSín chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí maidir le dleachtanna custaim (6 %) agus costais allmhairiúcháin; i gcás ina ndearnadh díolacháin trí thrádálaithe gaolmhara, rinneadh na praghsanna onnmhairiúcháin a choigeartú de réir analaí i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán frithdhumpála. Asbhaineadh costais SGA an trádálaí ghaolmhair agus asbhaineadh brabús sampla d'allmhaireoirí neamhghaolmhara (9 % den phraghas díolacháin); agus

— i gcás inar bhain na praghsanna onnmhairiúcháin le díolacháin OEM, laghdaíodh spriocphraghsanna thionscal an Aontais faoi 2,3 %, rud a léiríonn costais T&F agus costais mhargaíochta tháirgeoirí sampláilte thionscal an Aontais, rud nár léiríodh i bpraghsanna díolacháin OEM Giant.

(79) Chun comparáid chóir a áirithiú idir praghsanna Giant agus praghsanna tháirgeoirí an Aontais, rinne an Coimisiún an leibhéal díchuir díobhála a athríomh trí choigeartú a dhéanamh ar mheánphraghsanna ualaithe sprice tháirgeoirí sampláilte an Aontais dá dtagraítear in aithris (78).

(80) I gcás ina ndearna táirgeoirí sampláilte an Aontais díolacháin trí thrádálaithe gaolmhara, tógadh asbhaint ón bpraghas le custaiméirí neamhspleácha chun costais SGA iarbhír na dtrádálaithe agus brabúis 9 % a chur san áireamh. Bhí méid SGA éagsúil i gceist de réir an trádálaí lena mbaineann. I gcás nár bhain costais an trádálaí ghaolmhair lena mbaineann le margú táirgí, ach le gníomhaíochtaí táirgthe (amhail pleanáil táirgthe agus foinsiú amhábhar), níor asbhaineadh na costais sin toisc nár bhain siad le gnáthfheidhmeanna trádálaí ghaolmhair a bhí ag margú na dtáirgí i margadh an Aontais. Is é an leibhéal brabúis a úsáideadh sa ríomh sin an leibhéal brabúis a suíodh san imscrúdú bunaidh le haghaidh na n-allmhaireoirí gaolmhara comhoibríocha.

(81) Measadh nach raibh gá le haon choigeartú eile chun leibhéal OEM/brandála a chur san áireamh toisc go ndearnadh an coigeartú sin, arbh é a bhí ann 2,3 %, cheana féin.

(82) Measadh nach raibh gá le haon choigeartú breise ar an leibhéal trádála, de réir bhrí an chineáil custaiméara, toisc gur suíodh san imscrúdú nach bhfuil aon difríocht chomhsheasmhach ar leith sa phraghas idir díolacháin le trádálaithe agus le miondíoltóirí san Aontas.

(83) Na maímh a rinne Giant agus tionscal an Aontais ina mbarúlacha maidir leis an nochtadh deiridh i ndáil leis an ríomh sladghearrtha i roinn 3, tá feidhm acu go cothrom maidir leis na corrlaigh ghearrdhíola sa roinn seo.

(84) I bhfianaise an chaoi ar caitheadh leis na barúlacha a d'ardaigh páirtithe leasmhara, is é 13,8 % an corrlach gearrdhíola le haghaidh Giant.

6. **NA BEARTA CINNTITHEACHA**

(85) I bhfianaise chonclúidí an Choimisiúin san imscrúdú frithdhumpála athoscailte seo, ba cheart dleacht frithdhumpála chinntitheach a ath-fhorchur ar allmhairí an táirge lena mbaineann ar leibhéal an chorrlaigh is ísle de na corrlaigh dhumpála agus díobhála a aimsíodh, i gcomhréir le riail na dleachta is lú.

(86) Tugtar faoi deara go ndearnadh imscrúdú frith-fhóirdheontais i gcomhthráth leis an imscrúdú frithdhumpála. De bhun Airteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]), i bhfianaise úsáid riail na dleachta is lú agus ós rud é gur ísle na rátaí fóirdheontais cinntitheacha ná an leibhéal díchuir díobhála, is iomchuí dleacht frithchúitimh chinntitheach a fhorchur ar leibhéal na rátaí fóirdheontais cinntitheacha agus ansin dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur suas go dtí an leibhéal díchuir díobhála ábhartha.

(87) Ar bhonn a bhfuil thuas, ba cheart na rátaí sealadacha maidir le dleacht frithdhumpála, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Bearta cinntitheacha

Cuideachta	Corrlach dumpála	Ráta fóirdheontais	An leibhéal díchuir díobhála	An dleacht frithchúitimh	An dleacht frithdhumpála
Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd	32,8 %	3,9 %	13,8 %	3,9 %	9,9 %

(88) Tá feidhm ag leibhéal athbhreithnithe na dleachta frithdhumpála gan aon bhriseadh ama ó tháinig an Rialachán sealadach i bhfeidhm (is é sin ón 19 Iúil 2018) ([31]). Tugtar treoir d'údaráis chustaim an méid iomchuí a bhailiú maidir le hallmhairí a bhaineann le Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd agus aon mhéid breise a bailíodh go dtí seo (is é sin 10,8 %) a aisíoc i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

(89) Cuireadh na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoi na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe dleacht frithdhumpála chinntitheach a athchur ar allmhairí rothar leictreach ó Dhaon-Phoblacht na Síne ón táirgeoir onnmhairiúcháin Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd.

(90) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([32]), nuair bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart an ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(91) Tá na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim an ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

([30]) Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

([31]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1012 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/671 (IO L 181, 18.7.2018, lch. 7).

([32]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí rothar, a bhfuil troitheáin chuidithe acu, agus mótar cúnta leictreach, atá faoi láthair faoi chóid AC 8711 60 10 agus ex 8711 60 90 (cód TARIC 8711 60 90 10), ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad agus arna monarú ag Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd amhail ón 19 Iúil 2018.

2. Is é 9,9 % (cód breise TARIC C383) a bheidh i ráta na dleachta frithdhumpála cinntithí is infheidhme maidir le leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, ar na táirgí a thuairiscítear i mír 1 agus arna monarú ag Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd.

Airteagal 2

Aon dleacht frithdhumpála chinntitheach arna híoc ag Giant Electric Vehicle (Kunshan) Co., Ltd de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 sa bhreis ar an dleacht frithdhumpála chinntitheach a shuitear in Airteagal 1, déanfar í a aisíoc nó a loghadh.

Ba cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a iarraidh ó na húdaráis náisiúnta chustaim i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme. I gcás aon aisíocaíocht a rinneadh tar éis rialú na Cúirte Ginearálta i gcás T-242/19 *Giant*, déanfaidh na húdaráis sin a rinne an aisíocaíocht a ghnóthú suas go dtí an méid a leagtar amach in Airteagal 1(2).

Airteagal 3

An dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le hAirteagal 1, baileofar í freisin maidir le hallmhairí a chláraítear i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1162 lena gcuirtear allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe tar éis athoscailt na n-imscrúduithe chun go gcuirfear chun feidhme breithiúnais an 27 Aibreán 2022 i gcásanna T-242/19 agus T-243/19 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/73 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ([33]).

Airteagal 4

Ordaítear do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí, arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1162, ar clárú é a aisghairtear leis seo.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([33]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/72 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí rothar leictreach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 16, 18.1.2019, lch. 5).